V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11099 - CINVEN / MBCC DIVESTMENT BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 116/13)

1. An 24 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cinven, Cinven Capital Management (VII) General Partner Limited (Geansaí), faoi rialú Cinven Partnership LLP ("Cinven", an Ríocht Aontaithe);

— gnólachtaí áirithe atá lonnaithe san Astráil, i gCeanada, i dtíortha LEE, sa Nua-Shéalainn, san Eilvéis, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe ("MBCC Divestment Business") agus atá faoi rialú LSF11 Skyscraper Midco 2 S.à.r.l. (Lucsamburg) faoi láthair.

Gheobhaidh Cinven rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an MBCC Divestment Business.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna sna heintitis a bhfuil an MBCC Divestment Business ina seilbh acu.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Cinven a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta a sholáthar do roinnt cistí infheistíochta. Tá na cuideachtaí i bpunann infheistíochtaí chistí Cinven gníomhach i réimse leathan fo-earnálacha, agus is iad sin go príomha seirbhísí gnó, tomhaltóra, airgeadais, cúram sláinte, tionsclaíocht agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid;

— Cuimsíonn an MBCC Divestment Business gnó córas meascáin MBCC Group san Astráil, i gCeanada, i dtíortha LEE, sa Nua-Shéalainn, san Eilvéis, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe, agus gnó córas tógála MBCC Group atá lonnaithe san Astráil agus sa Nua-Shéalainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11099 - CINVEN / MBCC DIVESTMENT BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.